Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2021**
**(OR. en, fr)**

**13537/21**
**ADD 1**

**AGRI 523**
**ENV 817**
**FORETS 68**
**PROCIV 134**
**JUR 616**
**DEVGEN 195**
**RELEX 933**
**UD 271**
**PROBA 47**
**FAO 39**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030<br>- *Formheas* |

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030**

**Ráiteas ón bPortaingéil, ón bhFrainc agus ón Spáinn**

1. Mar a luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta dar teideal *A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions* [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach], is sócmhainn den scoth don Aontas Eorpach (AE) iad na naoi réigiún is forimeallaí, ar iontu atá 80 % de bhithéagsúlacht an Aontais, ar an ábhar go gcuireann siad leis an Aontas, ní hamháin ó thaobh na heacnamaíochta, an chultúir agus na tíreolaíochta de, ach ó thaobh rochtain straitéiseach a thabhairt ar an bhfarraige agus ar sócmhainní nádúrtha uathúla.
2. Dá bhrí sin, féachann an Phortaingéil, an Fhrainc agus an Spáinn ar an tagairt do na Réigiúin is Forimeallaí sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030 (mír 12) mar bhealach chun béim a chur ar an ngá atá le héagsúlacht agus sainiúlacht éiceachórais na réigiún is forimeallaí a urramú, a chosaint agus a chaomhnú.

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ó Lucsamburg maidir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030**

Tá ról lárnach ag an bhforaois in dhá mhórdhúshlán don chine daonna, eadhon an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta.

Le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030, sainítear an creat gníomhaíochta lena ndírítear ar fhás, sláinte, éagsúlú agus athléimneacht foraoisí san Aontas a chinntiú ionas go rannchuideoidh siad go mór lenár n-uaillmhianta maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

Ní féidir le foraoisí neamh-athléimneacha a bhfuil drochbhail orthu ról ilfheidhmeach a imirt feasta ná na seirbhísí éagsúla éiceachórais lena mbaineann a sholáthar.

Chun é sin a leigheas, teastaíonn straitéis foraoise lena dtugtar tús áite d’fhoraoisí na hEorpa a dhéanamh athléimneach, sláintiúil agus éagsúlaithe agus lena dtabharfar stádas fabhrach caomhnaithe dóibh ó thaobh na bithéagsúlachta de. Is réamhriachtanas é sin ionas go mbeidh na foraoisí in ann a bhfeidhmeanna socheacnamaíocha a chomhlíonadh, go háirithe a bhfeidhm tháirgiúil, do na blianta amach romhainn. Sa chomhthéacs sin, dar le Lucsamburg, is iad na bearta a mhol an Coimisiún Eorpach na bearta cearta chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú go hiomlán ag an am céanna.

Measann Lucsamburg go bhfuil an chothromaíocht cheart sa Straitéis thuasluaite idir na trí cholún den fhorbairt inbhuanaithe chun acmhainneacht fhoraoisí na hEorpa don todhchaí a scaoileadh agus d’fhonn an fhís sin d’fhoraoisí athléimneacha, sláintiúla agus bithéagsúla a bhaint amach a thabharfaidh tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, ní hamháin don ghlúin atá ann faoi láthair agus don ghlúin atá le teacht.

I ndáil leis an méid thuas, níl Lucsamburg cinnte faoin bhfoclaíocht i mír 7 sna Conclúidí seo ón gComhairle ‘CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nár mhór fís chothromaithe a bheith sa Teachtaireacht maidir leis na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an inbhuanaitheacht’.